

## Eolaithe Óga BT 2016

Nuair a fuair mé amach go raibh mé le dul chuig an gComórtas Eolaithe Óga BT, bhí iontas an domhain orm. Rinne mé amach sceideal agus thosaigh mé go obair. D'oibrigh mé go cruá agus tháinig gach rud amach go h-iontach. An tseachtain a chaith mé thuas i mBáile Átha Cliath, ní dhéanfaidh mé dearmad go deo air.

Bhí an t-atmaisféar ann dochreidte, bhí gach duine ann chomh deas, cairdiúil agus cabhrach. Bhí sé an-suimiúil na tionsnaimh a fheiceáil agus an méid oibre a chuir daoine isteach chun é a dhéanamh. Bhí sé suimiúil chomh maith an chaoi a chuir siad dhá thionsnamh difriúil in aice lena chéile, mar shampla chuir siad buachaill a rinne tionsnamh faoi chumhacht núicléach in aice le cailín a rinne tionsnamh faoi spotaí agus na cinealacha rudaí chun iad a stopadh.

Bhí go leor rudaí freisin le déanamh in áit féachaint ar na tionsnaimh an t-am ar fad. Bhí seó difriúil ar siúl gach leath uair a chloig. An seó a thaitin liom go mór ná 'Titan the Robot.' Is robot mór a bhí ann a bhí ag dul timpeall ag caint agus ag spraoi leis an lucht féachana.

An rud a sheas amach go mór dom faoin tseachtain, ná nuair a bhuail mé leis an nUachtarán. Bhí sé an-tógtha le mo thionscnamh. Dúirt sé liom gur phioc mé topaic thábhachtach agus go raibh sé an-sásta go rinne mé é trí Ghaeilge.

Ba mhaith liom míle buíochas a ghlacadh le Marianne Ní Thuama a thug gach cúnamh dom leis an tionscnamh seo agus do scolairí Ghairmscoil na bPiarsach a rinne an suirbhé dom. Cé nárbhuaigh mé aon rud, bhí seachtain iontach agam agus mholfainn d'aon duine cur isteach ar angcomórtas.

**Ciara Ní Mhéalóid**



### Dráma scoile - An Gadaí

Comhghairdeachas le scoláirí na scoile agus lena múinteoirí **Máirín Uí Chaonaigh** agus **Eoin Ó Mainín** a chuir an dráma "An Gadaí" ar stáitse i gColáiste Chuimhneacháin an Phiarsaigh an deireadh seachtaine seo caite. Bhí an dráma bunaithe ar ghearrscéal Phádraic Mhic Phiarais ach is leagan nua-aimseartha a bhí ann. Cuireadh an dráma ar stáitse i rith an lae do na bunscoileanna agus ar feadh dhá oíche ag an deireadh seachtaine. Bhí an teach lán go doras ar an trí ócáid. Chomh maith leis sin, bhí taispeántas de fhíseán Phádraic Mhic Phiarais - Créfóg Réabhlóide. Seo físeán ina bhfuil gasúir na scoile ag léiriú saol Phádraic Mhic Phiarais. Fuair an físeán an dara h-áit i gcomórtas eagraithe ag Aontas Múinteoirí na hÉireann. Ár mbuíochas le **Michael Ó Caonaigh** agus **Colm Ó Neasa** a bhí ag obair ar an bhfíseán le **Máirín Uí Chaonaigh** agus **Eoin Ó Mainín**.

